

An Aimsir Fháistineach

An Chéad Réimniú – Briathra leathana

Líon isteach an tábla:

Can	Díol	Ól
_____ Mé	_____ Mé	_____ Mé
_____ Tú	_____ Tú	_____ Tú
_____ Sé	_____ Sé	_____ Sé
_____ Sí	_____ Sí	_____ Sí
_____ (Sinn)	_____ (Sinn)	_____ (Sinn)
_____ Sibh	_____ Sibh	_____ Sibh
_____ Siad	_____ Siad	_____ Siad
An _____ tú?	_____ tú?	An _____ tú?
Ní _____ mé.	Ní _____ mé.	_____ mé.

Líon isteach na bearnaí:

1. (Can) _____ sí sa cheolchoirm oíche amárach sa halla.
2. (Can) _____ siad Amhrán na bhFiann roimh an gcluiche peile.
3. An (ól) _____ sibh sú oráiste maidin amárach?
4. (Seas) _____ (sinn) suas chun dul amach ar an gclós.
5. Ní (ól) _____ mé deochanna le siúcra i rith na seachtaine
6. (Díol) _____ sé a charr ag deireadh na bliana.
7. (Stop) _____ siad ag caint nuair a thosóidh an scannán.
8. An (dún) _____ siad an siopa ag a naoi a chlog oíche Déardaoin?

An Aimsir Fháistineach – Freagraí

An Chéad Réimniú – Briathra leathana

Líon isteach an tábla:

Can	Díol	Ól
Canfaidh mé	Díolfaidh mé	Ólfaidh mé
Canfaidh tú	Díolfaidh tú	Ólfaidh tú
Canfaidh sé	Díolfaidh sé	Ólfaidh sé
Canfaidh sí	Díolfaidh sí	Ólfaidh sí
Canfaimid	Díolfaimid	Ólfaimid
Canfaidh sibh	Díolfaidh sibh	Ólfaidh sibh
Canfaidh siad	Díolfaidh siad	Ólfaidh siad
An gcanfaidh tú?	An ndíolfaidh tú?	An ólfaidh tú?
Ní chanfaidh mé.	Ní dhíolfaidh mé.	Ní ólfaidh mé.

Líon isteach na bearnaí:

1. Canfaidh sí sa cheolchoirm oíche amárach sa halla.
2. Canfaidh siad Amhrán na bhFiann roimh an gluiche peile.
3. An ólfaidh sibh sú oráiste maidin amárach?
4. Seasfaimid suas chun dul amach ar an gclós.
5. Ní ólfaidh mé deochanna le siúcra i rith na seachtaine
6. Díolfaidh sé a charr ag deireadh na bliana.
7. Stopfaidh siad ag caint nuair a thosóidh an scrúdú.
8. An ndúnfaidh siad an siopa ag a naoi a chlog oíche Déardaoin?